Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2023
(OR. en)

16113/23

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0285(NLE)**

RECH 535
EDUC 468
COMPET 1190
IND 635
MI 1061
EMPL 600

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11850/23 + ADD1 |
| Ábhar: | Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip<br>- Glacadh |

1. An 13 Iúil 2023, chuir an Coimisiún Eorpach togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip. Tá dhá Iarscríbhinn ag gabháil leis an togra: Tagraítear in Iarscríbhinn I do shamplaí de ghairmeacha taighdeoirí, agus áirítear in Iarscríbhinn II an 'Cairt Eorpach do Thaighdeoirí'[1].

2. An 8 Nollaig 2023, tháinig an Chomhairle (COMPET) ar chomhaontú polaitiúil maidir le téacs an dréachtmholta ón gComhairle agus na nIarscríbhinní, mar a leagtar amach in 15391/23 ADD1 é.

3. Cuireadh bailchríoch ar an athbhreithniú dlítheangeolaíoch ar an téacs an 6 Nollaig 2023. Leagtar amach téacsanna an dréachtmholta agus na nIarscríbhinní, arna bhfíorú ag dlítheangeolaithe, in 15135/23 + ADD1.

[1] 11850/23 + ADD1

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar <u>Choiste na mBuanionadaithe</u> an méid seo a leanas a dhéanamh

   a) a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an dréachtmholta ón gComhairle agus na nIarscríbhinní, mar a leagtar amach in 15135/23 + ADD1;

   b) a mholadh don Chomhairle an Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis, mar a leagtar amach in 15135/23 + ADD1 iad, a ghlacadh mar mhír 'A' ag an seisiún a bheidh aici an 18 Nollaig 2023.